C/2024/6824

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na hUngáire

(C/2024/6824)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle , agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Ungáir caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Ungáir ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) ón gComhairle (arna leasú) maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (arna leasú). Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíche nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hollfhiachas rialtais a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 an 7 Iúil 1997 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 11 Bealtaine 2021, chuir an Ungáir a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 15 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire ([9]), a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Ungáir.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Ungáire a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na hUngáire maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Ungáir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hUngáire ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hUngáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ungáir faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. I mí Aibreáin 2024, foilsíodh príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hUngáire. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ungáir. Go háirithe, baineann leochaileachtaí na hUngáire le brúnna praghsanna agus riachtanais maoinithe sheachtraigh agus rialtais, atá ábhartha i gcónaí, cé gur maolaíodh roinnt rioscaí gearrthéarmacha le timpeallacht sheachtrach atá ag dul i bhfeabhas. Dúnadh an t-easnamh mór sa chuntas reatha in 2023 de réir mar a laghdaigh an t-éileamh intíre le linn cúlú eacnamaíoch san Ungáir, agus mar thoradh ar phraghsanna fuinnimh níos ísle. In éineacht le beartas airgeadaíochta níos déine, chuidigh na tosca sin leis an ráta boilscithe an-ard a laghdú. Mar sin féin, tá ráta an chroí-bhoilscithe fós i measc na rátaí is airde san Aontas, agus tá costais aonad saothair ag méadú go mór i gcónaí, rud a chuireann brú ar an iomaíochas. Meastar go bhfillfidh an cuntas reatha ar easnamh beag in 2024 de réir mar a bheidh éileamh intíre ann arís, agus beidh an geilleagar agus a mhaoiniú seachtrach fós neamhchosanta ar fhorbairtí i bpraghsanna fuinnimh agus i bpréimheanna riosca. Tháinig moill ar phraghsanna tithe agus tháinig maolú ar ró-luacháil in 2023 i gcomhthéacs rátaí úis níos airde. Tá an t-easnamh mór sa bhuiséad fós ann mar gheall ar bheartais fhorleathnaitheacha sna blianta roimhe sin agus fás níos laige ná mar a bhíothas ag súil leis in 2023. Tuartar go laghdóidh an t-easnamh beagán, ach go mbeidh sé suntasach i gcónaí agus go leanfaidh sé de bheith ag cur leis an mboilsciú agus le riachtanais iasachtaíochta seachtraí. An cóimheas idir fiachas an rialtais agus OTI agus an t-ualach úis, meastar go mbeidh siad fós ard. Tá dul chun cinn beartais teoranta ar fud na réimsí uile, go háirithe na réimsí fioscacha agus struchtúracha, rud a chuireann le dianseasmhacht na leochaileachtaí a sainaithníodh. Rannchuideodh coigeartú fioscach leis an gcroí-bhoilsciú a laghdú agus leis an seasamh seachtrach a neartú chomh maith le méaduithe ar an bhfiachas rialtais a choinneáil faoi smacht; ba cheart go mbeadh seoladh nós imeachta um easnamh iomarcach mar bhonn taca leis an gcoigeartú sin. Meastar go gcuideoidh cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach

([9]) ST 15447/22 INIT agus ST 15447/22 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire (ST 15964/1/23 REV 1 agus ST 15964/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

an phlean téarnaimh agus athléimneachta le leochaileachtaí a laghdú, ar rud é a threiseofaí trí dheireadh a chur de réir a chéile le hidirghabhálacha saofa i margaí agus trí athchóirithe a thacaíonn le comhdhlúthú fioscach.

(11) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hUngáire ó 6,2 % de OTI in 2022 go 6,7 % in 2023, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 74,1 % de OTI ag deireadh 2022 go 73,5 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 dar teideal 'Treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024', tá an chéad chéim á glacadh ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair. An 19 Meitheamh 2024, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na hUngáire, ós rud é gur sháraigh a heasnamh rialtais ghinearálta a hollfhiachas rialtais in 2023 luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna leagan amach de bhun Airteagal 126(4) den Chonradh a mheas, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh i mí Iúil 2024 go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach don Ungáir, trína mholadh don Chomhairle cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) den Chonradh lena suítear go bhfuil easnamh iomarcach ann san Ungáir.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle ([12]) go ndéanfadh an Ungáir gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeadh fás an chaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais airgeadais in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, mhol an Chomhairle don Ungáir a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí chomh maith go leathnódh an Ungáir freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([13]) crapthach, ag 4,7 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú crapthach 1,7 % de OTI leis an staid fhioscach. Bhí fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an leibhéal an-ard glanchaiteachais in 2022 i gcomparáid le 2023 ba chúis leis sin den chuid is mó, lena n-áirítear caiteachas neamh-spriocdhírithe i roinnt réimsí, rud a rannchuidigh le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, a mhaoinítear le brabús amhantair agus le cánacha earnála a ghearrtar ar chuideachtaí in earnálacha an fhuinnimh, an airgeadais agus an mhiondíola go príomha. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 4,6 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Ungáir infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus digiteáil sa chúram sláinte agus san oideachas. Níor chuir an Ungáir iarraidh isteach ar íocaíocht go fóill faoin tSaoráid.

(13) I gClár um Chóineasú 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 2,5 % in 2024 agus 4,1 % in 2025, agus tá sé beartaithe gurb éard a bheidh i mboilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 4,2 % in 2024 agus 3,6 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4,5 % de OTI in 2024 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 3,7 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 73,2 % faoi dheireadh 2024 agus go 72,1 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,9 % de OTI in 2026, go 2,4 % in 2027 agus go 1,9 % in 2028. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha easnaimh an Chonartha de 3 % de OTI in 2026. Dá réir sin, i ndiaidh 2025, tuartar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 68,8 % in 2026, go 66,0 % in 2027 agus go 62,8 % in 2028.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,4 % in 2024 agus 3,5 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas le ICPT ag 4,1 % in 2024 agus 3,7 % in 2025.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na hUngáire agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na hUngáire 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 136).

([13]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile an Aontais.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais de 5,4 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 74,3 % faoi dheireadh 2024. Is léiriú é an laghdú ar an easnamh in 2024 den chuid is mó téarnamh de réir a chéile ar ioncam cánach, caiteachas níos ísle ar fhóirdheontais do chuideachtaí fóntais as na caillteanais arna dtabhú mar gheall ar chaidhpeanna ar phraghsanna fuinnimh cónaithe, agus laghdú ar infheistíochtaí poiblí. Is iad is cúis leis an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI easnamh príomha ard, fás OTI ainmniúil níos ísle agus idirbhearta breise a mhéadaíonn an fiachas, amhail éadáil aerfort Bhúdaipeist a bhfuil coinne leis ag eintitis atá aicmithe in earnáil an rialtais ghinearálta agus cur chun feidhme ionstraimí airgeadais a dtacaítear leo faoi iasachtaí REPowerEU. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach ag 1,0 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,8 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na hUngáire. Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,4 % de OTI é le hiasachtaí ón tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,0 % de OTI in 2023.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([14]) don Ungáir seasamh fioscach fónta a choinneáil ar bun, go háirithe trí theorainn nach mó ná 4,4 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([15]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a mbuiséid do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, agus iad de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 3,6 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na hUngáire a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, rud atá faoi bhun an uasráta fáis atá molta. Mar sin féin, bhí glanchaiteachas in 2023 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an mholta (faoi 1,8 % de OTI). I gcás ina raibh an glanchaiteachas in 2023 mar a bhí coinne leis tráth an mholta, bheadh ráta fáis an ghlanchaiteachais in 2024 os cionn an ráta fáis a mholtar, faoi 1,5 % de OTI. Dá bhrí sin, de réir an Choimisiúin, agus an bhunéifeacht a eascraíonn as glanchaiteachas níos airde ná mar a bhí coinne leis in 2023 á cur san áireamh, tá an baol ann nach mbeidh glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta go hiomlán i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ungáir gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Ungáir a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,6 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([16]) na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,9 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,4 % in 2025. Go háirithe, fhóirdheontais do chuideachtaí fóntais as na caillteanais arna dtabhú mar gheall ar chaidhpeanna ar phraghsanna fuinnimh cónaithe, meastar go bhfanfaidh siad i bhfeidhm in 2024 agus 2025. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 0,6 % de OTI ann in 2024, ach le glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta soláthraítear ranníocaíocht chrapthach don staid fhioscach 1,9 % de OTI sa bhliain sin. De réir an Choimisiúin, ní mheastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Meastar gurb é 0,0 % de OTI in 2024 (0,1 % in 2023) costas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh éigeandála atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha a chosaint, agus as an méid sin caomhnaíonn níos lú ná 0,0 % de OTI an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú (0,1 % in 2023).

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Ungáir infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi ó 4,6 % de OTI in 2023 go 4,0 % de OTI in 2024. Is é is cúis leis sin den chuid is mó na ciorruithe maidir le tionscadail infheistíochta arna maoiniú go náisiúnta a d'fhógair na húdaráis, nó na tionscadail sin a bheith

([14]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na hUngáire um Athchóiriú don bhliain 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na hUngáire um Chóineasú don bhliain 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 155).

([15]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

([16]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

curtha ar athlá i bhfianaise na n-easnamh ard réamh-mheasta. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh méadú air ó 0,8 % de OTI in 2023 go 1,7 % de OTI in 2024. Is é is cúis leis an méadú sin ardú ar ionsúcháin réamh-mheasta de chistiú bheartais chomhtháthaithe an Aontais ó chlárthréimhse 2020-2027 agus caiteachas níos airde ar infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid.

(20) De bhun bhearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,5 % de OTI in 2025. Leis an laghdú ar an easnamh in 2025, léirítear den chuid is mó cáin bhreisluacha agus cáin ioncaim phearsanta níos airde arna dtacú le fás níos láidre, laghdú breise ar fhóirdheontais do chuideachtaí fóntais as na caillteanais arna dtabhú mar gheall ar chaidhpeanna ar phraghsanna fuinnimh cónaithe, agus caiteachas úis níos ísle mar gheall ar íocaíochtaí cúpóin laghdaitheacha ar na bannaí miondíola atá nasctha le boilsciú. San am céanna, céimniú amach ionchasach an bhrabúis amhantair shealadaigh agus na gcánacha earnála arna dtobhach ó bhí 2022 ann, i gcomhréir lena gclásail éagtha, meastar go mbeidh tionchar méadaithe fiachais aige sin. Meastar go dtiocfaidh laghdú beag go 73,8 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. Ba cheart go rannchuideodh beartas fioscach stuama leis an gcroí-bhoilsciú a laghdú, rud atá go mór os cionn mheán an Aontais agus a bhféadfadh caillteanais iomaíochais a bheith mar thoradh air dá leanfadh sé de bheith ann, agus ba cheart go rannchuideodh sé freisin leis an seasamh seachtrach a neartú.

(21) De dheasca laigí i bpleanáil agus cur i bhfeidhm an bhuiséid, tá méadú tagtha ar chlaontacht fhorleathnaitheach an bheartais fhioscaigh agus chuir na laigí sin leis na dúshláin mhaicreacnamaíocha atá ann faoi láthair. Le glacadh an-luath na mbuiséad bliantúil idir 2016 agus 2023, laghdaíodh iontaofacht réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha. D'fhág rialacha éagsúla solúbthachta buiséid agus cúlchistí móra buiséid go raibh caiteachas lánroghnach níos airde ann. Ba mhinic a rinneadh cinntí caiteachais ad hoc ag deireadh na bliana buiséid nó achtaíodh iad le foraitheanta rialtais i rith na bliana gan maoirseacht pharlaiminteach agus comhairliúchán poiblí leordhóthanach, rud a laghdaíonn trédhearcacht an bhuiséid. Níor eascair staid fhioscach níos stuama as an gcreat fioscach náisiúnta mar gheall ar laigí i ndearadh rialacha fioscacha intíre, go háirithe ar riail fiachais ag a bhfuil gnéithe comhthimthriallacha agus forfheidhmiú lag na pleanála buiséadaí meántéarmacha, arna laghdú a thuilleadh ag forálacha speisialta an chórais 'staid na contúirte'. Le hathbhreithnithe rialta agus suntasacha ar spriocanna fioscacha, baineadh an bonn de ról an bhuiséid mar ancaire le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus caitheadh amhras ar inchreidteacht na bpleananna fioscacha meántéarmacha. Trí phleanáil fhioscach mheántéarmach a bhunú ar uasteorainneacha caiteachais ilbhliantúla, mar a leagtar amach i rialacha fioscacha athbhreithnithe an Aontais, d'fhéadfaí cabhrú le haghaidh a thabhairt ar chlaontacht fhorleathnaitheach an bheartais fhioscaigh. Tá srian fós ar éifeachtacht na comhairle fioscaí náisiúnta maidir le plé poiblí a stiúradh ar shaincheisteanna fioscacha mar gheall ar a sainordú teoranta agus acmhainní teoranta.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hUngáire leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Ungáir dlús suntasach a chur le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, ar an gcéad dul síos trí na bearta is gá a chur chun feidhme go pras chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), tá sé de cheangal ar an Ungáir gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an Ungáir maidir le cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin fós ann agus tá éagothromaíochtaí suntasacha sóisialta agus réigiúnacha fós ann idir na ceantair is lú forbairt agus na ceantair is forbartha sa tír, agus

([17]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

idir limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe agus acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal fonáisiúnta. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá tábhachtach faoi leith ag baint le hinfheistíochtaí san aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a chur chun feidhme go pras, lena n-áirítear forbairt bunscileanna digiteacha, claochlú digiteach gnólachtaí, glacadh réiteach cathracha cliste, teicneolaíochtaí dúlrabhunaithe agus glan-nialasacha agus bainistiú uisce, chomh maith leis na pleananna críochacha um aistriú cóir. Ba cheart don Ungáir leanúint den obair ar fhorbairt chríochach chomhtháite i limistéir fheidhmiúla agus sna ceantair is lú forbairt. Ar an gcaoi chéanna, is tosaíochtaí i gcónaí iad infheistíochtaí a chur chun feidhme sa chuimsiú sóisialta agus i laghdú na bochtaineachta, lena ndírítear ar leanaí agus ar na ceantair is díothaí, agus bunscileanna a neartú go cuimsitheach agus rochtain ar oideachas príomhshrutha ar ardchaighdeán agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí athchóirithe struchtúracha a dhéanamh ar an gcóras oideachais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus ar chúram luath-óige ar ardchaighdeán, chomh maith le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhargadh an tsaothair do ghrúpaí leochaileacha agus chun acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a fhorbairt. Is gá na saincheisteanna atá ar feitheamh maidir le coinníollacha cumasúcháin agus an córas ginearálta coinníollachta a réiteach chun go mbainfidh an Ungáir leas iomlán as cistí an bheartais chomhtháthaithe.

(24) I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar chláir an bheartais chomhtháthaithe, is réimsí ar fiú aird níos mó a thabhairt orthu iad an gá atá le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar bhochtaineacht idirghlúine trí idirghabhálacha comhtháite, agus béim á leagan ar na ceantair agus ar na bardais is lú forbairt, agus an gá atá le rialachas neartaithe agus le difreáil na straitéise um speisialtóireacht chliste. D'fhéadfadh an Ungáir an tionscnamh Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) a ghiaráil chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí doimhne agus digiteacha (e.g. Idirlíon na Rudaí Nithiúla, mórshonraí agus an intleacht shaorga), teicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní (e.g. fuinneamh in-athnuaite agus fuinneamh geoiteirmeach) agus bith-theicneolaíochtaí (cógaisíocht agus táirgí leighis), agus ag an am céanna infheistíocht a dhéanamh sna scileanna agus sna cáilíochtaí is gá chun freastal ar an éileamh ar shaothar sna hearnálacha sin.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an Ungáir a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, leibhéil scileanna agus lánpháirtiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair, cúnamh sóisialta agus idirphlé sóisialta, agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise.

(26) Lean an timpeallacht ghnó de bheith ag dul in olcas, go príomha mar gheall ar idirghabhálacha méadaitheacha stáit sa gheilleagar agus mar gheall ar athruithe ad hoc a dhéantar go minic ar an gcreat rialála. Ní fheidhmíonn an Ungáir go maith i dtáscairí lena dtomhaistear iomaíochas agus cáilíocht rialála. Tháinig méadú ar an líon ard cánacha in 2024. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na gcánacha earnáilsonracha a ghearrtar ar earnálacha agus ar ghnólachtaí áirithe. Is gnách go mbíonn na cánacha sin in earnálacha ina bhfuil úinéireacht eachtrach ard (mar shampla: miondíol, stroighin, tógáil agus ábhair cheirmeacha), rud a chruthaíonn ualach díréireach ar na gnólachtaí lena mbaineann agus a dhéanann difear don mhargadh aonair. Déanann gnólachtaí gearán faoi chóir neamh-chomhionann agus faoi threallachas nuair a dhéanann údaráis cigireachtaí riaracháin nó nuair a dhéanann siad cinneadh maidir le ceadanna. Tá dearcadh ginearálta ann go n-úsáidtear idirghabhálacha stáit éagsúla chun iallach a chur ar úinéirí eachtracha a ngnólachtaí a dhíol, rud a éascaíonn seaimpíní náisiúnta poiblí nó rialtas-nasctha a chruthú. Dearbhaíonn an rialtas níos mó agus níos mó go bhfuil 'tábhacht straitéiseach don gheilleagar náisiúnta' ag baint le tionscadail infheistíochta áirithe chun dlús a chur leis an bpróiseas riaracháin agus chun é a laghdú. Níl na critéir a úsáideann an rialtas trédhearcach agus ní féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne sa chúirt. Leanann an rialtas dá chumhacht a úsáid chun idirbhearta áirithe a dhíolmhú ó rialú cumaisc. Níl critéir na ndíolúintí sin trédhearcach, agus níl aon nós imeachta foirmiúil ann chun cur ina gcoinne. Leanann an rialtas freisin d'úsáid fhorleathan a bhaint as a shainordú chun foraitheanta éigeandála a eisiúint faoin gcóras 'staid chontúirte'. Is cosúil nach mbaineann go leor de na foraitheanta sin leis an staid éigeandála a agraítear, rud a lagaíonn deimhneacht dhlíthiúil agus a chuireann isteach ar ghnáthghníomhaíocht ghnó.

(27) D'ainneoin tionscnamh ábhartha áirithe agus ráta ard fostaíochta foriomláine, tá bacainní fós roimh roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine ar bheagán oideachais, Romaigh agus daoine faoi mhíchumas, maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna uas-scilithe agus dul isteach i margadh an tsaothair. Is iondúil freisin gur daltaí lagchumasacha i mbunscileanna ar scoil iad na grúpaí céanna faoi mhíbhuntáiste, go bhfágann siad an scoil go luath, go n-éiríonn siad dífhostaithe nó neamhghníomhach agus gur annamh a théann siad isteach san ardoideachas. Tá neamhionannais fréamhaithe sa chaoi a n-eagraítear an córas oideachais, arb é is príomhthréith dó comhchruinniú daltaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch i scoileanna áirithe. Idir 2014 agus 2022, leithdháileadh méideanna suntasacha de chistí bheartas comhtháthaithe an Aontais chun luathfhágáil na scoile a chosc agus chun bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair a chur chun feidhme. Cé gur tháinig méadú suntasach ar ráta fostaíochta na Romach ar bheagán oiliúna le linn na tréimhse sin, tá sé fós i bhfad níos ísle ná an ráta fostaíochta foriomlán. Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tá ganntanas scileanna ag roinnt earnálacha, rud a fhágann go bhfuil sé deacair don Ungáir a geilleagar

([18]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

a aistriú chuig samhail fáis ard-bhreisluacha. Tá sciar na gcéimithe treasacha ar cheann de na sciartha is ísle san Aontas, rud a chruthaíonn dúshláin maidir le freastal ar an éileamh méadaitheach ar lucht saothair ardoilte. Mar gheall ar thréimhse ghearr na sochar dífhostaíochta, bíonn sé deacair ar dhaoine páirt a ghlacadh in athsciliú agus uas-sciliú agus poist a aimsiú a chomhfhreagraíonn níos fearr do phoist a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas. Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na n-oibrithe eachtrannacha le blianta beaga anuas, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin ag teacht go hiomlán le riachtanais na n-earnálacha a bhfuil ganntanas scileanna agus ganntanas lucht saothair rompu.

(28) Le 10 mbliana anuas, tá feabhas suntasach tagtha ar tháscairí bochtaineachta i gcomhréir leis an méadú ar an ráta fostaíochta. Mar sin féin, tá an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta fós i measc na rátaí is airde san Aontas agus tá sé tar éis dul in olcas i measc leanaí, na Romach agus i gceantair iargúlta. Tá laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar thionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta, cé go bhfuil sé fós inchomparáide le Ballstáit eile de chuid an Aontais. D'ainneoin na timpeallachta eacnamaíche ardbhoilscithí, tá roinnt sochar sóisialta, amhail ioncam íosta, sochar teaghlaigh agus sochair chánach teaghlaigh, gan athrú ainmniúil. Tá leordhóthanacht an tsochair ioncaim íosta agus an tsochair dífhostaíochta ar cheann de na cinn is ísle san Aontas. Tá an t-ualach cánach iomlán ar lucht ísealioncaim agus an spleáchas ar cháin bhreisluacha ard, rud a bhfuil éifeacht dhíréireach aige ar ghrúpaí ísealioncaim i gcomhthéacs cánachas ioncaim phearsanta neamh-chomhleanúnach ar ráta comhréidh. Tá méadú tagtha freisin ar sciar na ndaoine a chaitheann níos mó ná 40 % dá n-ioncam teaghlaigh ar chostais tithíochta mar gheall ar bhoilsciú, ar ardú praghsanna fuinnimh agus tithíochta, agus ar an easpa bearta tacaíochta spriocdhírithe. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís dara céim de chuid an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta, a tugadh isteach ar bhonn píolótach in 2024. I gcomhréir le hAirteagal 3(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263, áireofar sa Seimeastar Eorpach faireachas ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta ag an gCoimisiún, *inter alia* trí chreat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint.

(29) D'ainneoin roinnt feabhsuithe, tá an t-idirphlé sóisialta fós lag agus ilroinnte. Tá deiseanna teoranta ag an bhfóram tripháirteach san earnáil phríobháideach, ina bhfuil an rialtas, ceardchumainn agus comhlachais fostóirí, tionchar a imirt ar phleananna an rialtais nó iad a athrú. Cuireann idirphlé sóisialta teoranta fostaithe faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear i margáil pá, go háirithe san earnáil phoiblí. Trí stádas fostaíochta ar leithligh a bhunú do ghrúpaí áirithe fostaithe poiblí, lagaíodh a gcumas a gcomhleasanna a chosaint. I gcásanna áirithe, d'fhág sé sin go raibh comhaontuithe comhchoiteanna ar neamhní agus gur ghá iad a athchaibidliú. Le bearta amhail teorainn a chur le ceart múinteoirí dul ar stailc nó deireadh a chur leis an gcómhargáil in earnáil na sláinte, rinneadh cearta oibrithe a chreimeadh de réir a chéile. D'fhéadfadh an reachtaíocht nua maidir le bailiú táillí ballraíochta ceardchumainn san earnáil phoiblí dochar breise a dhéanamh d'ionadaíochas na gceardchumann. Ní raibh ach aon chruinniú amháin ag na fóraim ábhartha san earnáil phoiblí in 2023.

(30) Tá an Ungáir fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, agus tá a hiarrachtaí chun slándáil fuinnimh a mhéadú trí aistriú ó spleáchas ar allmhairí na Rúise mall. B'ionann sciar na hUngáire d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus 25,7 % in 2023, 18 bpointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais. Ba iad 64 % agus 75 % in 2021 agus 2023, faoi seach, sciar allmhairí amhola agus gáis na Rúise. Is iad ola agus gás agus dhá thrian dá ídiú fuinnimh. Tá ceann de na figiúirí is airde san Aontas ag an Ungáir maidir le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise mar sciar de OTI mar gheall ar phraghsanna fuinnimh fóirdheonaithe do theaghlaigh.

(31) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúide maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (3) agus (4). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le riachtanais mhaoinithe sheachtracha agus rialtais agus le brúnna praghsanna. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (3) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le brúnna praghsanna,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ungáir in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas ([19]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a laghdú i dtreo luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála a fhoirceannadh roimh shéasúr téimh 2024/2025. Comhordú éifeachtach agus críochú soiléir na mbeartas maicreacnamaíocha a shaothrú chun inbhuanaitheacht fhioscach agus sheachtrach a áirithiú. Deireadh a chur de réir a chéile le caidhpeanna ar phraghsanna agus ar rátaí úis atá ann go fóill chun éifeachtaí saofa a laghdú agus chun tarchur rianúil an bheartais airgeadaíochta a éascú. Bearta tacaíochta san earnáil tithíochta

([19]) De réir Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

a dhíriú ar theaghlaigh ar ioncam íseal. An creat buiséadach meántéarmach a neartú, ullmhú na mbuiséad bliantúil a ailíniú leis an mbliain bhuiséadach, agus lánrogha a theorannú i gcur chun feidhme na mbuiséad bliantúil.

2. I bhfianaise moilleanna fada, dlús suntasach a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe agus an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, lena n-áiritheofar go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026, trí na bearta is gá a chur chun feidhme go pras chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus chun saincheisteanna atá ar feitheamh maidir le coinníollacha cumasúcháin a réiteach. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar chláir an bheartais chomhtháthaithe, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar an mbochtaineacht, ag díriú ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ar na ceantair agus ar na bardais is lú forbairt, agus feabhas a chur ar an straitéis um speisialtóireacht chliste, agus na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an tionscnamh Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh ag an am céanna.

3. Feabhas a chur ar an gcreat rialála agus ar an iomaíocht i margaí táirgí agus i seirbhísí trí idirghabhálacha riaracháin roghnaitheacha agus treallacha agus úsáid reachtaíochta saincheaptha lena soláthraítear buntáiste nó míbhuntáiste míchuí do chuideachtaí sonracha a sheachaint, trí ghrinnscrúdú iomaíochta a chur i bhfeidhm go córasach ar idirbhearta gnó agus trí úsáid beart éigeandála a laghdú go dtí an méid atá fíor-riachtanach, i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh aonair agus an smachta reachta. Feabhas a chur ar leordhóthanacht an tsochair cúnaimh shóisialta agus an tsochair dífhostaíochta. Feabhas a chur ar leibhéil gnóthachtála oideachais agus rochtain ar bhearta gníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair, go háirithe deiseanna uas-scilithe agus athscilithe do na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste, agus idirphlé sóisialta éifeachtach a áirithiú.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le héagsúlú an tsoláthair gáis i dtreo foinsí nach foinsí Rúiseacha iad, agus bearta a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.